# Bainistíochta Riosca

# Leagan 3

**Clár na nÁbhar**


1. Ráiteas Beartas 3
2. Aidhm 3
3. Scóip 3
4. Reachtaíocht, cóid chleachtais, caighdeáin agus treoir 4
5. Rialachas 4
6. Cuspóirí 5
7. Róil agus freagrachtaí 5
8. Próiseas 6
9. Riosca a Bhainistiú 8
10. Riosca a Shainaithint agus a Mheasúnú 9
11. Céimeanna Bainistíochta Riosca 10
12. Plean Gnó Bainistíochta Riosca 12
13. Tagairtí 12
14. Oiliúint 12
15. Monatóireacht agus iniúchadh 13
16. Cláir Riosca 13
17. Próiseas Eascair Riosca 13
18. Cur i bhfeidhm agus Athbhreithniú 14

Aguisín 1: Teimpléad Tuairiscithe Riosca 14

Aguisín 2: Measúnú Riosca 15

Aguisín 3: Sreabhadh Oibre Bainistíochta Riosca 16

Aguisín 4: Ráiteas faoi Bhlas Riosca 18

## 1. Ráiteas Beartas

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) tiomanta do rioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh cur isteach ar ETB Dhún na nGall agus é ag iarraidh a chuid cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach. Trí bhainistíocht éifeachtach a dhéanamh a chuid gnóthaí, tá ETB Dhún na nGall tiomanta do dheireadh a chur le rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar a chuid gníomhaíochtaí agus cinnteoidh sé go mbeidh córas láidir doiciméadaithe ar fáil mar fhianaise dá chuid cuntasaíochta.

Tá sé tugtha mar údarás do gach fostaí cloí leis an Pholasaí seo.

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta do thacú le gach fostaí agus iad a chumasú ina gcuid oibre maidir le riosca a bhainistiú.

Ba chóir an polasaí seo a léamh i gcomhar leis na treoirlínte *Barr Feabhais sa Rialachas trí Bhainistíocht Riosca de réir an Dea-chleachtais* agus an *Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna* (Ciorclán 0083/2024).

## 2. Aidhm

2.1. Is é an aidhm atá ag an Pholasaí Bainistíochta Riosca tacú le cumas ETB Dhún na nGall maidir lena chuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach, lena chinntiú go ndéanfar gach iarracht le riosca a bhainistiú go héifeachtach, le deiseanna féideartha a uasmhéadú agus le héifeachtaí díobhálacha a íoslaghdú.

2.2. Tacú le gach fostaí de chuid ETB Dhún na nGall cloí leis an pholasaí agus nós imeachta seo ionas gur féidir tacú le bainistíocht riosca in ETB Dhún na nGall.

2.3. Polasaí caighdeánaithe a chur ar fáil do gach ETB maidir le bainistíocht riosca.

## 3. Scóip

3.1. Baineann an polasaí agus an nós imeachta seo le gach fostaí de chuid ETB Dhún na nGall, cé acu an fostaithe buana, sealadacha, lánaimseartha nó páirtaimseartha nó foireann gníomhaireachta shealadach iad.

3.2. Tá bainistíocht éifeachtacht ar riosca ag brath ar thiomantas agus ar chomhoibriú na bpáirtithe leasmhara uilig seo a leanas: baill foirne, conraitheoirí, mic léinn agus foghlaimeoirí. Tá ról lárnach ag gach ball foirne maidir le bainistíocht riosca, go háirithe laistigh de na réimsí atá á rialú acu féin. Ar an ábhar sin, tá gach ball foirne freagrach as an pholasaí seo a chur i bhfeidhm agus caithfidh siad cloí leis na prionsabail atá leagtha amach ann.

3.3. Tá sé mar riachtanas ag ETB Dhún na nGall sa chás go ndéileálann sé le tríú páirtithe, ar nós conraitheoirí ag cur seirbhísí ar fáil thar ceann ETB Dhún na nGall, go n-iarrtar deimhniú go bhfuil córais agus struchtúir Bainistíochta Riosca i bhfeidhm; is é an chuspóir atá leis sin a chinntiú nach rachaidh gníomhaíochtaí triú páirtithe i bhfeidhm ar ETB Dhún na nGall ar bhealach dochrach.

4. **Reachtaíocht, Cóid Chleachtais, Caighdeáin agus Treoir**
    4.1. An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
    4.2. Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna 2024 (Imlitir 0083/2024) An Roinn Oideachais agus Scileanna
    4.3. ISO 31000:2009 Caighdeán Bainistíochta Riosca
    4.4. Cód Iompair d'Fhostaithe
    4.5. Riosca ETB –Barr Feabhais sa Rialachas trí Bhainistíocht Riosca de réir an Dea-chleachtais) (IPB Insurance 2009-16)
    4.6. Imlitreacha na Roinne Oideachais agus Scileanna
    4.7. An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
    4.8. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2015
    4.9. An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022
    4.10. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 – 2003
    4.11. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
5. **Rialachas**

Is éard atá i gceist le rialachas corparáideach ná córais agus nósanna imeachta a stiúrann agus a rialaíonn comhlachtaí. Ar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht, tá se tábhachtach gur chóir do Rialachas Corparáideach ETB Dhún na nGall feidhmiú ag na leibhéil is airde atá infheidhmithe agus go bhfeidhmíonn sé ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch.

Sainmhíníonn an Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna Bainistíocht Riosca mar:

Tá bainistíocht riosca agus rialú inmheánach ina gcodanna tábhachtacha agus lárnacha de chóras bainistíochta feidhmíochta agus ríthábhachtach chun tortaí a bhaint amach. Is próiseas leanúnach atá iontu, atá deartha chun rioscaí suntasacha a aithint agus dul i ngleic leo i gcomthéacs thoradh na heintite a bhaint amach.

Tugann an Cód breac-chuntas ar oibleagáidí an ETB mar seo a leanas:

***Alt 7: Bainistíocht Riosca***

Ba chóir do gach ETB Polasaí um Bainistíocht Riosca a fhorbairt agus ba chóir don Bhord an polasaí sin a fhaomhadh, an creat a bhaineann leis agus monatóireacht a dhéanamh ar an éifeachtúlacht a bhaineann leo. Ba chóir don Pholasaí um Bainistíocht Riosca na rioscaí don ETB a chur san áireamh a d'fhéadfadh bac mór a chur ar an mbealach ina mbaintear amach a chuspóirí nó an bonn a bhaint de mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.

Is é a bheidh i gceist leis na príomhghnéithe de léargas ginearálta an Bhoird ar bhainistíocht riosca:

- go ndéanfar soláthar don léargas ginearálta ar riosca i dtéarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta nó Coiste ar leith;
- go ndéanfar soláthar don léargas ginearálta ar riosca i dtéarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta nó Coiste ar leith

- go mbeidh bainistíocht riosca ardleibhéil mar mhír bhuan ar chlár cruinnithe;
- go gcinnteofar go bhfuil ball foirne ceaptha ag an bPríomhfheidhmeannach a bhfuil an fhreagracht iomlán do Bhainistíocht Riosca aige/aici;
- go ndéanfar Polasaí um Bainistíocht Riosca an Phríomhfheidhmeannaigh a fhaomhadh agus plean gnó um bainistíocht riosca agus an clár riosca a fhaomhadh uair amháin sa bhliain ar a laghad;
- go ndéanfar athbhreithniú ar theagmhais riosca ó thaobh ábhair de agus gníomhartha na bainistíochta a nótáil nó a fhaomhadh, de réir mar is cuí.
- go n-éileofar athbhreithniú seachtrach ar éifeachtúlacht an chreata bhainistíochta riosca ar bhonn tréimhsiúil;
- go lorgófar sainchomhairle sheachtrach, mura bhfuil taithí/saineolas bainistíochta riosca ag comhalta amháin ar a laghad;

## 6. Cuspóirí an Pholasaí seo

6.1. Tacú leis an ETB cloí le reachtaíocht, le cóid cleachtais, le caighdeáin, le treoir agus le hImlitreacha na Roinne
6.2. Tacú le rialuithe bainistíochta a chur i bhfeidhm le rioscaí a mhaolú
6.3. Tacú leis an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm
6.4. Gach fostaí a chumasú le húinéireacht a ghlacadh ar riosca laistigh dá scóip oibre
6.5. Tacaíocht a léiriú don dea-rialachas
6.6. Feidhmíocht ghnó a fheabhsú
6.7. Níos mó feasachta ar riosca a chothú
6.8. Nuálaíocht agus feabhas a spreagadh
6.9. Cur chuige comhtháite a chur chun cinn maidir le bainistíocht riosca

## 7 Róil agus freagrachtaí

7.1 Cinnteoidh Bord ETB Dhún na nGall go gcuirfear córais agus struchtúir chuí i bhfeidhm, go ndéanfar monatóireacht agus rialú orthu le tacú le bainistíocht riosca

7.2 Tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta faoina ról de réir na reachtaíochta cuí

7.2.1 ceadóidh sé Polasaí Bainistíochta Riosca an Phríomhfheidhmeannaigh

7.2.2 ceadóidh sé an Teimpléad gnó maidir le bainistíocht riosca

7.2.3 Déanfaidh sé athbhreithniú agus faomhadh ar an Chlár Riosca uair sa bhliain ar a laghad

7.3 Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach:

7.3.1 go gceapfar ball den fhoireann a mbeidh an fhreagracht iomlán aige/aici do bhainistíocht riosca

7.3.2 go mbeidh bainistíocht riosca ardleibhéil mar mhír bhuan ar chlár cruinnithe

7.3.3 Go bhforbrófar Polasaí Bainistíochta Riosca

7.3.4 Go gcuirfear Clár Riosca le chéile

7.3.5 Go bhforbrófar Plean Gnó maidir le Bainistíocht Riosca ar bhonn bliantúil

7.3.6 Go ndéanfar cásanna neamh-chomhréireachta a fhiosrú de réir mar is cuí agus go ndéanfar bearta coisctheacha nó ceartaitheacha

7.4 Cinnteoidh Stiúrthóirí[1] go gcuirfear an polasaí agus an nós imeachta seo i bhfeidhm

7.5 Cinnteoidh Príomhoidí / Bainisteoirí Líne/ Bainisteoirí Ionad go:

7.5.1 gcuirfear an polasaí agus an nós imeachta seo i bhfeidhm

7.5.2 gcuirfidh siad an Comhordaitheoir Bainistíochta Riosca ar an eolas maidir le hathruithe ar an leibhéal riosca

7.5.3 gcuirfidh siad tacaíocht chuí ar fáil dá mbaill foirne le riosca a bhainistiú

7.5.4 dtacóidh siad le córais maidir le fiosrúchán a dhéanamh ar eachtraí a bhí mar chúis na dtuairiscí riosca

7.6 Comhordóidh an Comhordaitheoir Bainistíochta Riosca na feidhmeanna uilig le tacú le córas Bainistíochta Riosca ETB Dhún na nGall

7.7 Déanfaidh an tAonad Iniúchta Inmheánaigh

7.7.1 Iniúchtaí ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí le reachtaíocht, le cóid cleachtais, le treoir, le caighdeáin, le polasaithe, le nósanna imeachta agus le hImlitreacha na Roinne

7.7.2 Cuirfidh sé/sí tuarascálacha faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus faoin Choiste Iniúchta maidir leis na bearta coisctheacha nó ceartaitheacha ba chóir a dhéanamh

7.8 Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste:

7.8.1 Iniúchadh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí le reachtaíocht, le cóid cleachtais, le caighdeáin, le treoir, le polasaithe agus le nósanna imeachta

7.8.2 Cuirfidh sé/sí tuarascálacha faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus faoin Choiste Iniúchta maidir leis na bearta coisctheacha nó ceartaitheacha ba chóir a dhéanamh

7.9 Cloífidh fostaithe leis an pholasaí seo agus le gach treoir a thabharfaidh a maoirseoir/mbainisteoir líne.

## 8 Próiseas

8.1 Cad is riosca ann?

Is féidir smaoineamh ar riosca mar chaillteanas féideartha nó droch-iarmhairt eile a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas ETB Dhún na nGall maidir lena chuid cuspóirí a bhaint amach agus a mhisean a chomhlíonadh.


8.2 Is féidir le rioscaí a bheith ann maidir le baint amach chuspóirí an Ráitis Straitéise mar gheall ar eachtraí inmheánacha agus seachtracha araon. Má dhéantar riosca a bhainistiú go héifeachtach ligeann sé d'ETB Dhún na nGall a bhainistíocht straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais a fheabhsú Is féidir le bainistíocht riosca cuidiú leis na nithe seo a leanas a íoslaghdú: caillteanais airgeadas, cur isteach ar sheirbhísí, drochphoiblíocht agus éilimh

[1] Stiúrthóirí: Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta agus Forbarth

ar chúiteamh. Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil riosca níos leithne mar choincheap ná an dearcadh traidisiúnta gur bagairt atá ann go díreach. Aithníonn sé fosta na rioscaí a bhaineann le gan deiseanna a thapú. Tá cur síos níos iomláine air sin in *Ráiteas Inghlacthachta Riosca* DETB.

8.3 Tháinig deich gcatagóir riosca chun solais a bhaineann go sonrach leis an earnáil oideachais. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith mar bhaic maidir le baint amach chuspóirí an Ráitis Straitéise. Áiríonn siad rioscaí a d'fhéadfadh a bheith seachtrach d'ETB Dhún na nGall, mar shampla rioscaí reachtacha agus rialála. Tá sé tábhachtach go ndéanfar measúnú ar na rioscaí féideartha ar fad a d'fhéadfadh cur isteach ar bhaint amach an Ráitis Straitéise agus go ndéanfar iad a bhainistiú ionas gur féidir cur le cultúr a leabú i dtaca le bainistíocht riosca i ngach gníomhaíocht de chuid ETB Dhún na nGall:

| | **Catagóir Riosca** | **Samplaí de Riosca** |
|---|---|---|
| 1 | Gairmiúil/ Bainistiúil | Gan forbairt eagraíochta agus foirne a chur i bhfeidhm |
| 2 | Conarthach | Teipeadh na téarmaí d'aon chonradh arna dhéanamh ag ETB Dhún na nGall, amhail tionscadail tógála, a chomhlíonadh |
| 3 | Leanúnachas Gnó | Gan na seirbhísí cuí a chur ar fáil i gcás dóiteáin, tuile nó mórtheip fóntais lena n-áirítear teipeanna teicneolaíochta m.sh. córais bainistíochta airgeadais nó córais iarratas/iontrála mac léinn |
| 4 | Fisiceach (sábháilteacht, sláinte agus leas, timpeallacht thógtha, dóiteán, slándáil) | Teipeann ar na córais maidir le daoine a chosaint ó dhóiteán, ó sharuithe slándála, ó thimpistí, sláinte na foirne agus teagmhais sábháilteachta, dochar do mhic léinn, do chuairteoirí agus do dhaoine eile a dtéann gníomhaíochtaí ETB Dhún na nGall i bhfeidhm orthu |
| 5 | Slándáil Faisnéise | Rioscaí cibearionsaithe, sárú ar shonraí nó caillteanas sonraí, nó nochtadh faisnéis íogair, idir nochtadh neamhúdaraithe agus nochtadh trí thimpiste araon |
| 6 | Reachtach/Rialála | Gan cloí le reachtaíocht ar nós: an tAcht um Shaoráil Faisnéise, an tAcht um Chosaint Sonraí, caighdeáin tógála, bainistíocht dramhaíola, reachtaíocht fostaíochta, reachtaíocht oideachais. |
| 7 | Comhairle Dlí | Éilimh fáillí ó bhaill foirne, ó fhoghlaimeoirí, ó baill den phobal agus ó dhaoine eile in éadan ETB Dhún na nGall |
| 8 | Dliteanas Éileamh | Gan riosca a bhainistiú go leordhóthanach agus árachas leordhóthanach a shocrú roimh éilimh ionchasacha in éadan an ETB |
| 9 | Airgeadais | Gan cloí le hoibleagáidí airgeadais |
| 10 | Timpeallacht | Gan spriocanna timpeallachta a bhaint amach faoi mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta ar son na Aeráide, 2021 |




*Figiúr 1 Catagóirí Riosca*

## 9 Riosca a Bhainistiú

9.1 Méadaíonn bainistíocht riosca an dóchúlacht go n-éireoidh le gníomhaíocht agus laghdaíonn sé an fhéidearthacht go dteipfear ar ghníomhaíocht.

9.2 Ní hionann riosca a bhainistiú agus riosca a sheachaint, is éard atá ann i ndáiríre ná bainistíocht éifeachtach agus rathúil. Is ionann bainistíocht riosca agus gníomhaíocht chomhtháite de chéimeanna atá sainithe go soiléir, a thacaíonn le cinnteoireacht níos fearr trí léargas níos fearr a thabhairt ar rioscaí agus ar a dtionchair.

9.3 Tá buntáistí ag baint le bainistíocht riosca sa mhéid is go gcinntíonn sé:

- 9.3.1 Go bhfuil seans níos fearr ann go mbainfear cuspóirí amach
- 9.3.2 Nach dtarlóidh eachtraí dochracha nó tá níos lú seans ann go dtarlóidh siad
- 9.3.3 Go bhfuil seans níos mó ann go mbainfear torthaí tairbheacha amach
- 9.3.4 Go leabaítear feasacht ar bhainistíocht riosca i smaointeoireacht agus i struchtúr straitéiseach
- 9.3.5 Go gcuireann sé creat ar fáil a ligeann do ghníomhaíocht amach anseo tarlú ar bhealach seasamhach agus rialaithe.

9.4 Bainistíocht Riosca:

9.4.1 Feabhsaíonn sé cinnteoireacht, pleanáil agus beartú tosaíochta trí thuiscint chuimsitheach agus struchtúrach ar ghníomhaíocht ghnó, ar leochaileacht agus ar dheiseanna/bhagairtí do thionscadail

9.4.2 Cuireann sé le húsáid/dáileadh níos éifeachtaí caipitil agus acmhainní laistigh den ETB

9.4.3 Laghdaíonn sé leochaileacht sna réimsí neamhriachtanacha de chuid an ETB

9.4.4 Cosnaíonn sé agus méadaíonn sé sócmhainní agus íomha agus clú ETB Dhún na nGall

9.4.5 Forbraíonn sé agus tacaíonn sé le daoine agus le bunachar faisnéise ETB Dhún na nGall

9.4.6 Barrfheabhsaíonn sé éifeachtúlacht oibríochtúil

9.4.7 Cuireann sé le caighdeán na dtorthaí

Beidh bainistíocht riosca mar pháirt lárnach de chinntí straitéiseacha polasaí agus déanfaidh sé eolas don phróiseas cinnteoireachta.

## 10 Riosca a Shainaithint agus a Mheas

10.1 Tagann bainistíocht riosca ó chuspóirí ETB Dhún na nGall faoi mar a chuirtear síos orthu sa Ráiteas Straitéise.

10.2 Má dhéantar cinneadh straitéiseach nó má thugtar faoi ghníomhaíocht, ba chóir an mór-riosca a bhaineann leis an chinneadh nó leis an ghníomhaíocht sin a chur leis an Chlár Riosca.

10.3 Agus rioscaí á sainaithint caithfear na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

10.3.1 Cad a d’fhéadfadh dul mícheart

10.3.2 Cé chomh dochúil is atá sé go dtarlóidh sé sin

10.3.3 Cén tionchar a bheadh ann dá dtarlódh sé sin (an riosca a rátáil)

10.3.4 Cad is féidir a dhéanamh leis an riosca a laghdú

10.3.5 Cé atá freagrach as an riosca

10.3.6 An féidir na rioscaí atá sainaitheanta a laghdú

10.4 Teicnící le riosca a shainaithint

10.4.1 Is féidir roinnt teicnící éagsúla a úsáid le cuidiú le baill foirne rioscaí a shainaithint:

10.4.1.1 Agallaimh struchtúrtha duine le duine

10.4.1.2 Agallaimh struchtúrtha grúpa

10.4.1.3 Ceistneoirí/seicliostaí a úsáid

10.4.1.4 Éascaíocht a dhéanamh ar cheardlanna, ar fhócasghrúpaí nó ar chomhráite comhstádais

10.4.1.5 Is féidir meascán de na teicnící sin a úsáid.

10.4.2 Déanfar na rioscaí atá sainaitheanta agus na bearta smachta cuí a bhainistiú trí Chláir Riosca ETB Dhún na nGall.

10.4.3 Ba chóir don mheasúnú riosca tarraingt a oiread agus is féidir ó fhianaise neamhchlaonta neamhspleách, measúnú a dhéanamh ar pheirspictíochtaí an

réimse iomláin páirtithe leasmhara a bhfuil a riosca ag cur isteach orthu agus gan measúnú oibiachtúil ar an riosca a mheascadh le breithiúnas faoi inghlacthacht an riosca.

10.5 Tá dhá chéim i gceist le riosca a mheasúnú

10.5.1 Cur chuige struchtúrtha a chur i bhfeidhm ina ndéantar measúnú ar dhealraitheacht agus ar thionchar gach riosca. Tá dhá phríomhpharaiméadar ann leis an riosca a rátáil:

- **Dealraitheacht:** clúdaíonn sé sin an fhéidearthacht go dtarlóidh eachtra ar leith – cé chomh dóchúil agus atá sé/cé chomh minic agus a tharlóidh sé?
- **Tionchar:** an tionchar nó an éifeacht ar ETB Dhún na nGall má tharlaíonn an riosca – cé chomh tromchúiseach agus a bheidh na hiarmhairtí?

**Féach an Grafaic in Aguisín 2**

10.5.2 Beartú Tosaíochta agus Monatóireacht:

10.5.2.1 Caithfear amharc ar Bhainistíocht Riosca mar phróiseas leanúnach. De réir mar a athraíonn gníomhaíochtaí ETB Dhún na nGall, d'fhéadfadh rioscaí úra a theacht chun cinn nó d'fhéadfadh athrú a theacht ar thionchar féideartha na rioscaí reatha. Tá sé tábhachtach go ndéanfar athbhreithniú ar mhinicíocht riosca le fáil amach cé acu a d'athraigh sé thar am nó nár athraigh. Cuirfear deireadh le rioscaí ar leith agus caithfear nuashonrú a dhéanamh ar bhearta rialaithe mar fhreagairt ar chúrsaí atá ag athrú go hinmheánach agus go seachtrach.

10.5.2.2 Ba chóir go mbeadh Bainistíocht Riosca ina mír bhuan ar chlár gach cruinnithe.

10.5.2.3 Ba chóir Gnóthaí Corparáideacha/an Comhordaitheoir Riosca a chur ar an eolas faoi na rioscaí sin (rioscaí úra, rioscaí athchatagóirithe agus rioscaí a bhfuil deireadh curtha leo)

10.5.2.4 An Comhordaitheoir Riosca ba chóir rioscaí úra a chur leis an Chlár Riosca Chorparáidigh.

## 11 Céimeanna Bainistíochta Riosca

11.1 An riosca a shainaithint maidir le gan cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach:


11.1.1 Úinéir an riosca a oibriú amach

11.1.2 Na rialuithe reatha atá i bhfeidhm a oibriú amach agus a mheas

11.2 Tionchar agus dealraitheacht an riosca a mheas i ndiaidh rialuithe reatha a chur san áireamh leis an riosca glan a oibriú amach

11.3 Bainistíocht riosca .i. Deireadh a chur leis an riosca, Aghaidh a thabhairt ar an riosca, Cur suas leis an riosca nó an riosca a Aistriú

11.4 Athbhreithniú agus tuairisciú – timthriall leanúnach de mhonatóirecht d’athbhreithniú agus de thuairisciú ar bhainistíocht riosca agus an Clár Riosca a thabhairt cothrom le dáta (Féach Aguisín 1 Teimpléad Tuairiscithe Riosca).




*Figiúr 2 Próiseas Bainistíochta Riosca*

A luaithe agus a shainaithnítear agus a thaifeadtar rioscaí ar an Chlár Riosca ba chóir don lucht bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

**Dearg** – gach ráithe

**Ómra-** gach sé mhi

**Glas** – go bliantúil

11.5 Déanfar na rioscaí a bhaineann le baint amach rathúil an Ráitis Straitéise a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus déanfar monatóireacht orthu ar bhonn réamhshocraithe:

11.5.1 Déanfar Rioscaí Úra a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus déanfar monatóireacht orthu

11.5.2 Sainaithneofar rioscaí úra ag eascairt as:

11.5.2.1 Neamh-chomréireachtaí

11.5.2.2 Teagmhais

11.5.2.3 Neasteagmhais
11.5.2.4 Gearáin
11.5.2.5 Éilimh
11.5.2.6 Gníomhaíochtaí / Cláir Úra
11.5.2.7 Tuarascálacha Iniúchta

11.5.3 Déanfar athmheasúnú ar gach riosca ar bhonn réamhsocraithe ionas go mbeidh measúnú riosca cothrom le dáta ar fáil le tacú le bainistíocht riosca.

11.5.4 Déanfar measúnú ar rioscaí trí úsáid a bhaint as cur chuige cáilíochtúil (féach aguisín 2)

11.5.5 Déanfar éifeachtacht na rialuithe bainistíochta a thuairisciú ag amanna réamhshocraithe don Fhóram Feidhmiúcháin agus don Choiste Iniúchóireachta (féach an teimpléad tuairiscithe in aguisín 1):

11.5.5.1 Rioscaí ardleibhéil gach trí mhí
11.5.5.2 Rioscaí meánleibhéil gach sé mhí
11.5.5.3 Rioscaí íseal-leibhéil uair sa bhliain nó níos minice ná sin má bhíonn athrú ar chúinsí

11.5.6 Déanfaidh na bainisteoirí líne iniúchadh an chórais bainistíochta riosca a éascú

11.5.7 Cuirfidh na bainisteoirí líne na bearta ceartaitheacha agus coisctheacha i bhfeidhm ar léirigh na cleachtaí faireacháin agus iniúchta go raibh siad riachtanach.

## 12 Plean Gnó Bainistíochta Riosca

12.1 An Comhordaitheoir Bainistíochta Riosca a chuirfidh Plean Gnó Bainistíochta Riosca an ETB le chéile ar bhonn bliantúil

12.2 Leagfaidh an Plean amach na Bearta Bainistíochta Riosca, na hamlínte agus Príomhtháscairí Feidhmíochta don bhliain

12.3 An Príomhfheidhmeannach a fhaomhfaidh an Plean

12.4 Cuirfear an Plean faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta lena fhaomhadh ag tús gach bliana/bliana acadúla

12.5 Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn an Phlean i rith na bliana.

## 13 Tagairtí

Ba chóir tagairt a dhéanamh do *Riosca ETB – Barr Feabhais sa Rialachas trí Bhainistíocht Riosca de réir an Dea-chleachtais* (IPB 2009-2016) agus an Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna.

## 14 Oiliúint

14.1 Cuirfear oiliúint ar fáil maidir le Bainistíocht Riosca nuair a bheidh gá léi dar leis an Chomhordaitheoir Bainistíochta Riosca.

14.2 Déanfaidh an Comhordaitheoir Bainistíochta Riosca comhordú ar gach iarratas ar oiliúint maidir le Bainistíocht Riosca ó bhaill foirne.

## 15 Monatóireacht agus iniúchadh

15.1 Déanfaidh na daoine seo a leanas monatóireacht agus iniúchadh ar nithe éagsúla:

15.1.1 Bainisteoirí líne le tacaíocht an Chomhordaitheora Bainistíochta Riosca

15.1.2 Déanfaidh an tIniúchóir Inmheánach iniúchadh ar an Chóras Bainistíochta Riosca ag amanna réamhshocraithe

15.1.3 Réiteofar bealach ionas gur féidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) tabhairt faoi iniúchadh ar an Chóras Bainistíochta Riosca.

## 16 Cláir Riosca

16.1 Is é an clár riosca an áit a ndéantar doiciméadú ar aithint, measúnú, bainistíochat agus tuairisciú riosca. Is é ár gcuntas beo maidir le conas a bhainistítear riosca i Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus téann sé go díreach isteach sa Tírdhreach Riosca.

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le clár riosca corparáideach amháin ina bhfuil an fócas ar rioscaí ardleibhéil atá i mbaol straitéis na heagraíochta. Nuair a aithnítear rioscaí ag an C&AG, seoltar na rioscaí seo chuig an Stiúrthóir ábhartha a ghlacfaidh freagracht as an riosca agus bainfidh sé leis de réir Polasaí Bainistíochta Riosca. Tacaíonn cláir riosca do shuímh aonair le rioscaí oibríochtúla agus cothaítear iad go háitiúil.

## 17 Próiseas Eascair Riosca

Is é cuspóir an chuid seo ná na nósanna imeachta a leagan amach chun rioscaí a scálú laistigh de Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, ionas go ndéantar rioscaí tábhachtacha a aithint, a mheas agus a bhainistiú ag an leibhéal cuí, agus é sin a dhéanamh in am.

17.1 Próiseas Scálaithe Riosca – Tá an fhreagracht as rioscaí a mhaolú ar an gclár riosca áitiúil ar gach suíomh féin. Má tá an riosca lasmuigh dá gcumas smachta, ba chóir é a chur faoi bhráid an Stiúrthóra chuí le breithniú an mbaineann sé leis an gClár Riosca Corparáideach.

17.2 Ba chóir don scálú machnamh a dhéanamh ar

- An Bhfuil an rátáil ard agus an léiríonn sé riosca uathúil agus láithreach?
- An bhfuil an riosca le feiceáil ar roinnt cláir ar fud an scéim agus dá bhrí sin an bhfuil sé tuillte aige a bheith san áireamh sa Chlár Corparáideach?

Mar an gcéanna, má aithnítear fadhbanna ag leibhéal na Stiúrthóireachta a d'fhéadhfadh a bheith ina mbaol don chur i bhfeidhm ar Straitéis Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, is féidir iad seo a chur áireamh le haghaidgh ardaithe go dtí an Clár Corparáideach.

## 18 Cur i bhfeidhm agus Athbhreithniú

Is é Márta, 2025 dáta cur chun feidhme an Pholasaí seo, arb ionann é sin agus an dáta a d’fhaomh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an polasaí.

Déanfar athbhreithniú go bliantúil seo i bhfianaise athruithe ar reachtaíocht agus sa treoir ó fhoinsí amhail: an tAonad Iniúchta Inmheánaigh, an C & AG, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó Árachóirí an ETB.

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

**Aguisín 1: Teimpléad Tuairiscithe Riosca**

| **Grúpáil Riosca** | **Cur síos ar an riosca** | **Rátáil an riosca sular cuireadh na rialuithe úra i bhfeidhm** | **Rátáil riosca i ndiaidh chur i bhfeidhm na rialuithe úra** |
|---|---|---|---|
| | | | |


| **Cur síos ar na bearta a rinneadh ón tuairisc dheireanach** | **Bearta úra atá le déanamh sna chéad 3/6/12 mhí eile** | **Dúshláin shainaitheanta a d'fhéadfadh bac a chur le dul chun cinn** |
|---|---|---|
| | | |
| Síniú | Teideal | Dáta |
| | | |

Seol an teimpléad seo ar ais chuig an Chomhordaitheoir Bainistíochta Riosca (Ainm), le do thoil, faoin / /

**Aguisín 2**


**Measúnú riosca (maitrís cháilíochtúil)**

Bainfear leas as cur chuige cáilíochtúil, mar atá léirithe sa mhaitrís thíos, chun gach riosca a shainaithint.



Aguisín 3

**Sreabhadh Oibre Bainistíochta Oibre**




* Is féidir leis an Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta nó ball eile den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí (FBS) arna tharmligean ag an Phríomhfheidhmeannach tabhairt faoi ról an Chomhordaitheora Bainistíochta Riosca

Tuairiscíonn Úinéirí Rioscaí do Stiúrthóirí ar rioscaí sainaitheanta mar seo a leanas:

Aguisín 4

**Ráiteas Goil Riosca Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

De réir Institiúid Bainistíochta Riosca (IRM) (2011), sainmhínítear bainistíocht riosca mar: An méid agus an cineál riosca atá eagraíocht sásta a ghlacadh chun a cuspóirí straitéisecha a bhaint amach.

Mar gheall ar nádúr na hoibre a dhéanann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGal, beidh gá le leibhéal áirithe riosca a chur san áireamh, ach go ginearálta, d'fhéadfaí a rá go bhfuil an earnáil cúramach i leith riosca, mar gheall ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sí agus ar nádúr, scála agus castacht na n- eagraíochtaí mar chomhlachtaí poiblí atá maoinithe ag an státchiste.

Chun rialachas corparáideach éifeachtach agus bainistíocht riosca cheart a chinntiú, caithfidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall clói go príomha le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus a chinnitú go bhfuil a gcuid gníomhaíocht á stiúradh i gcónaí ag na caighdeáin atá leagtha síos i gCód Cleachtais maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2024 - idir litreacha agus spiorad an chóid.

Agus cinntí á ndéanamh maidir leis an leibhéal riosca is inghlachta, breithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall na rioscaí is gá a ghlacadh chun na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise agus sa Phlean Seirbhíse Bliantúil a bhaint amach, i dteannta na scileanna, an eolais ag na taithí atá ar fáil laistigh den eagraíocht - rud a d'fhéadfadh deis a thabhairt buntáiste a bhaint as deisanna chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, agus ag an am céanna rioscaí i réimsí eile a íoslahdú.

Tá sé tábhachtach cuimhneamh go nglactar leis na rioscaí a bhaineann le haon ghníomhaíocht a dhéanann an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, agus dá bhrí sin, measter go bhfuil siad laistigh den aclaíocht riosca.

Nóta Tábhachtach: D'fhéadfaí a rá go bhfuil earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna, mar aon leis na gníomhaíochtaí féinmhaoinithe de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, níos fonmhaire riosca/ níos lú faitíosach roimh riosca, mar gheall ar an ngá atá leis na gníomhaíochtaí sin a bheith níos lú mall agus níos solúbtha chun freagairt do dheiseanna nua atá ag teacht chun cinn, ionas go gcomhlíonfar riachtanais a gcliant. Mar shampla, d'fhéadfaí cláracha nua printíseachta a aithint, agus a luaithe is a bhíonn maoiniú ar fáil, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó fonn ann ar na rioscaí a bhaineann leo/ go mbeadh siad níos inghlacthá. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deard freisin go ndéanfar aon rioscaí nua a ghlactar a bhainistiú trí bhearta rialaithe cuí a cuí a chur i bhfeidhm.

Tá an ráiteas aclaíochta riosca dírithe ar an todhchaí, agus is féidir é a úsáid mar chreatlach le haghaidh cinnteoireachta.

Is uirlis é an ráiteas aclaíochta riosca seo chun rialachas maith a chothú, bainistíócht éifeachtach riosca a neartú agus chun tacú leis an gcinnteoireacht i gceart.

Is é an dúshlán atá roimh Bhoird ETB ná conas maoireseacht a dhéanamh ar chlár bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta, ar bhealach a chothaíonn cothromaíócht idir bainistiú riosca agus luach a chuir leis an eagraíocht. Deir Cód Cleachtas um Rialachas Bhord Oideachais agus Oiliúna, 2024 deirtear gur cheart don bhord aontú ar spriocanna straitéiseacha an ETB's, ag teacht leis an gcur chuige earnála atá forbartha trÍ Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI), de réir

bheartais agus tosaíochtaí an Aire agus na Roinne Oideachais, sa mhéid is atá siad ábhartha don ETB, agus a chinntiú go mbaintear an leis fearr as na hacmhainní atá ar fáil chun na cuspóirí a bhaint amach.

Is uirlis lárnach í an ráiteas faoina bhfulangtacht riosca chun dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil an Fhoireann Feidhmiúcháin agud ETB ag feidhmiú laistigh de na teorainneachta ceadaithe ina bhfuil siad i dteideal oibriú.

Tá an ráiteas faoina bhfulangtacht riosca treoraithe fosta ag na nithe seo a leanas:

- Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2024
- Ráiteas Straitéise an DETB 2022-2026
- Dualgais Maoinithe
- Táscairí Feidhmíochta Eochair Eile

**Tábla Ráitis um Bhia an Bhaola 2025.**

*Nóta: D'fhéadfadh bia an bhaola a bheith tionchartha ag fís, misean agus luachanna na heagraíochta. D'fhéadfadh bia íseal an bhaola cosc a chur ar dheiseanna luaíochta.*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Misean | Cuireann ETB Dhún na nGall deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil a chuidionn le mic léinn a lánacmhainneach a bhaint amach agus cur le saol sóisialta cultúrtha agus eacnamaíoch a bpobail. | | | |
| Straitéis | Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall lena nochtadh do riosca díobhálacha a theorannú thar gach catagóir riosca, agus ag an am céanna a dhícheall a dhéanamh a mhisean (thuas) agus a chuspóirí a sheachadadh mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022-2026 atá le fáil anseo: https://www.donegaletb.ie/donegal-etb/publications-resources/ | | | |
| **Catagóirí Riosca** | **Ráitis Airgid Riosca** | **Rátáil Goile Riosca** | | |
| | | **Íseal** | **Meán** | **Ard** |
| Airgeadais | Tá fonn íseal ar riosca againn a chuireann isteach ar ár gcumas ár n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh mar go sáródh sé seo ár n-oibleagáidí reachtúla agus go ndéanfaí damáiste do chlú rud a chuirfeadh bac agus is dócha go gcuirfeadh sé cosc ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. | ■ | | |
| Gairmiúil & Bainistíochta | Ba bheag an fonn a bheadh orainn gan feidhmeanna ginearálta ETB a chomhlíonadh mar go bhféadfadh sé seo a bheith mar thoradh ar mhainneachtain ár n-oibleagáidí Reachtúla agus Rialachais a chomhlíonadh, rud a d'fhágfadh go gcaillfí muinín agus muinín san ETB mar aonán óna phríomhpháirtithe leasmhara. | ■ | | |
| Straitéiseach | Tá fonn íseal orainn maidir le rioscaí nach bhfuil aon ailíniú lenár Straitéis ETB, nó a d'fhéadfadh cáil an ETB, a ról sa phobal agus/nó a luachanna a mhilleadh mar tá sé ríthábhachtach go gcoimeádaimid cáil láidir dearfach maidir le tacaíocht leanúnach ár gcomhlachtaí maoinithe éagsúla a chinntiú agus a bheith mar cheann scríbe den scoth d'fhoghlaimeoirí inár ndobharcheantar agus mar eagraíocht a bhfuil muinín aici as a sainchúram a chomhlíonadh. | ■ | | |
| | Tá fonn orainn gnó nua a fhorbairt de réir ár gceanglas maoinithe agus treoirlínte ranna an rialtais mar gur mian linn a bheith freagrúil, lúfar agus inoiriúnaithe do riachtanais an tionscail agus an phobail ar a bhfreastalaíonn muid, a bhíonn ag síorathrú. | | | ■ |
| | Tá fonn teoranta orainn ár seirbhísí a leathnú, go háirithe i réimsí FET agus gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe chun freagairt do threochtaí atá ag teacht chun cinn agus do riachtanais áitiúla agus náisiúnta araon, mar aitheantas ar an bhfíric go mbeadh gné riosca ag baint le haon iarracht nua agus is é ár n-aidhm aon rioscaí a eascraíonn as soláthar leanúnach na seirbhísí, nó leathnú na seirbhísí, a bhainistiú go héifeachtach, toisc gur gné thábhachtach den earnáil ETB é go mbeimid in ann a bheith inoiriúnaithe agus freagairt go tapa ar na riachtanais sin. | | ■ | |
| | Tá fonn teoranta orainn bagairtí ar fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil ár straitéise agus ar réadú na dtorthaí inmhianaithe mar tá sé tábhachtach go spreagaimid nuálaíocht ar fud na heagraíochta agus tá rioscaí bunúsacha áirithe ag baint le bheith nuálaíoch. | | ■ | |
| | Is beag an fonn atá orainn maidir le riosca a eascraíonn as iompar aon cheann dár ngníomhaíochtaí a chuireann ár gcáil i mbaol, rud a d'fhéadfadh drochphoiblíocht mhíchuí a bheith mar thoradh air nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chaillteanas muiníne ó lucht maoinithe ár ngníomhaíochtaí toisc go bhfuil sé ríthábhachtach muinín ár gcuid maoinitheoirí a athoiliúint chun sinn féin a chur in áit na n-athruithe atá le teacht ar mhúnla maoinithe SOLAS, agus le bheith sainaitheanta mar chomhlacht 'téigh chuig ag ár bpríomh-mhaoinitheoir (An Roinn Nuálaíochta, an Roinn Oideachais agus Leanaí, SOLAS an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Ardoideachais, Breisoideachais agus Leanaí, Éagsúlacht, Comhtháthú agus Óige) chun tionscnaimh nua a sheachadadh agus chun cinn atá ann cheana a leathnú. | ■ | | |
| Conarthach | Tá fonn orainn glacadh leis na rioscaí a bhaineann le bheith ag obair le tríú páirtithe le haghaidh gníomhaíochtaí lárnacha eagraíochtúla (go háirithe i gcás mórghníomhaíochtaí athraithe (m.sh. tionscadal , comhoibrithe, cur i bhfeidhm córais nua sláinte agus sábháilteacht, measúnuithe riosca etc.) toisc nach bhfuil dóthain acmhainní againn tríd ár gcroímhaoiniú chun a bheith in ann ár n-oibleagáidí reachtúla go léir a chomhlíonadh agus na seirbhísí go léir is mian linn agus is gá dúinn a thairiscint dár bpáirtithe leasmhara a sholáthar. | | | ■ |
| Slándáil Faisnéise | Is beag an fonn atá orainn aon sárú ar shonraí nó chun faisnéis íogair a chailleadh, nó faisnéis íogair a nochtadh go neamhúdaraithe nó de thaisme mar ní mór dúinn cloí le ceanglais reachtúla agus tá dualgas cúraim orainn dár bhfoireann, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile. | ■ | | |
| Leanúnachas Gnó | Tá fonn teoranta orainn bagairtí ar leanúnachas ár seirbhíse mar go gcuirfeadh sé seo i mbaol ár gcumas na seirbhísí tábhachtacha a chuirimid ar fáil a sholáthar do na pobail ar a bhfreastalaímid. Mar sin féin táimid oscailte freisin do chur chuige nua agus nuálaíocha agus réitigh theicniúla a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid ár ngnó agus ar fhreastal ar ár bpáirtithe leasmhara. | | ■ | |
| Reachtaíochta & Rialála | Is beag an dúil atá againn go ndéanfaí sárú ar na rialacháin um chosaint leanaí mar go bhfuilimid fíor-dáiríre faoin dualgas atá orainn na mic léinn agus na daoine fásta óga sin a chuirtear inár gcúram a chosaint agus a chothú chun a gcuid riachtanas oideachais agus oiliúna a chur chun cinn | ■ | | |
| | Is beag an fonn atá orainn aon sárú ar reacht, ar rialachán, ar chaighdeáin ghairmiúla, ar eitic, ar bhreabaireacht nó ar chalaois a bhaineann lenár n-oibríochtaí toisc go bhfuilimid tiomanta do gach dualgas comhlíonta reachtúil agus eile a chomhlíonadh. | ■ | | |
| Fisiciúil & Folláine | Is beag an fonn atá orainn maidir le haon eachtra a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fhostaí/mac léinn/duine den phobal mar leagann ár Ráitea Straitéise 2022-2026 ár luachanna amach mar seo a leanas: "Is eagraíocht foghlama muid. Cuirimid mic léinn i gcroílár ár gcuid oibre. Tá gach rud a dhéanaimid chun freastal ar leas ár gcuid mac léinn bunaithe ar ár gcroíluachanna: barr feabhais: comhionannas: cúram: pobal, agus meas". | ■ | | |
| | Is beag an fonn atá orainn imeacht ónár gcaighdeáin a bhaineann le comhionannas agus éagsúlacht, dínit agus meas, coláisteacht agus sláinte agus sábháilteacht na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí mar go bhfuil freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, cosc a chur ar leithcheal agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo, ar a dtugtar Dleacht um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí, a eascraíonn as alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. | ■ | | |
| Dliteanas Éilimh | Is beag an fonn atá orainn maidir le haon imeacht a d'fhéadfadh dliteanas líomhnaithe nó sárú dualgais líomhnaithe a bheith mar thoradh air toisc go bhfuil dualgais dhlíthiúla agus reachtúla orainn i leith Sláinte agus Sábháilteachta, ár ndualgais mar fhostóir, agus i go leor réimsí eile, agus glacaimid ár bhfreagracht as timpeallacht shábháilte a sholáthar cibé ar bith dár bhfoirne, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí eile, an-dáirire. Tá sé de dhualgas orainn freisin rioscaí a bhainistiú maidir le baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach inár bPleananna Straitéiseacha agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí as an maoiniú státchiste a chuirtear ar fáil dúinn chun na cuspóirí sin a bhaint amach. | ■ | | |
| Timpeallachta | Tá dúil againn cur go hinbhuanaithe agus freagrach go sóisialta leis na pobail ina n-oibrímid mar gheall ar na luachanna a léirítear inár Ráiteas Straitéise agus ár dtiomantas oibriú i dtreo na spriocanna atá leagtha amach do Chomhlachtaí Poiblí i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2021 an Rialtais agus Treochlár Gníomhaíochta Aeráide Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall féin a bhaint amach. | | | ■ |
| Cé go bhféadfadh go mbeadh fonn íseal ar na rioscaí a léirítear thuas, d'fhéadfadh teagmhais tarlú fós. Déanfaidh an ETB athbhreithniú ar aon teagmhais den sórt sin agus rachaidh sé i dteagmháil leis na húdaráis imscrúdaithe ábhartha de réir mar is cuí. Cuireann ár ráiteas fonn riosca le tiomantas an ETB chun na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus iompar gairmiúil a sheasamh, agus ag an am céanna a bheith comhsheasmhach le, agus a chreidiúnacht a chothabháil le raon leathan de ghrúpaí geallsealbhóirí. | | | | |